

SGÉUL FAOI CHRUAIDH NA CAOILE

Oileán eile atá taobh shiar dhe Chruaidh na Cara agus faoi Mhaorla Risteard.

Bhí fear óg shiar i Litir Áird a raibh Maorla Risteard air, dhe chlann Dhonnachadha a b'sheadh é. Bhí stoc istigh ar Chruadh na Caoile aige agus bhí bromach ann mór bhféidir breith air. Thug Maorla neart congnamh leis ansoin lá go mbeirfheadh sé ar a' mbromach. Chuaigh an bromach siar i dtóin an oileáin uathab agus ní raibh aon duine i ndon é leanacht ach Maorla agus lean seiseann é. Bhí an bromach go díreach a gabhail amach 'sa bfarraige nuair a rug sé air. Bhí drioball chomh fada sin ar a' mbromach gur cheangail sé na cheithre cosa leis agus ansoin chuir sé a láimh amach faoi na cosa agus thug sé leis é gur leag sé isteach 'sa mbad é agus thug sé abhaile dho Litir Áird é. Sin é an uair a bhí fhios go raibh sé ina fhear mhaith.

Chuaidh a cháil i bhfad is in ngearr ansoin nach raibh fear a bith chomh maith leis. Bhí bodach i nGaillimh an uair sin agus lá dhá dtáinig Maorla as a tráigh thug a mháthair litir dhó, "Seo litir ó bhodach i nGaillimh" adeir sé "a cur troda orm. D'iarr sé orm a bheith ann indiu agus níl aon mhoill le déanamh agam. Caithfidh dhul an bealach ar a bpointe agus fear eile a thabhairt liom" D'ímtigh leis agus fear dá'r ainm Tadhg Bán leis. Dhe clainne Maoilchiaráin dobh sheadh Tadhg.

Bhuail leóthab agus nuair a bhí siad a gabhail síos Cnoc na Léime chonnaic siad bodach na Gaillimhe ag teacht acab. Bheannaigh siad dhá chéille. "ar tusa an fear atá a gabhail go Litir Árd" adeir Maorla "is mé"adeir sé "Mise an fear atá tú iarradh"adeir Maorla "agus tá sé chomh maith dhuinn a chéile fheachaint 'san áit a bhfuil muid. Ach ní ghabhfaidh mé a troid leat go mbeidh fhios a'm a bhfuil aon mhaith an tfear leat. Tá fear anseo an aonfhacht liom agus teighigí a cor carruigheachta le chéile go bhfeicfidh mé a bhfuil aon mhaith leat."

Chuaigh siad a carruigheacht agus bhí Tadhg Bán ina fhear chomh maith leis. "Bhfuil fhios ad céurd é féin"adeir Maorla"gabhfain se a troid leat ach bfeidir an chéad dorna a bhuaifinn ort go mbarbhóchain thú ach tiocdidh mé a carruigheacht leis a mbeirt agaibh go bhfeicfidh mé bhfuil aon mhaith libh." Chuaidh sé carruigheacht leis a mbeirt agus chaith sé chaon dhuine acab uaidh mar chaithfheadh sé dhá dornán coirce. "Anois" adeir sé" a bhfuil do dhóthain ad." "Ó tá" adeir fear na Gaillimhe. "Féidfheidh tú dhul abhaile" adeir Maorla "ní dheanfheidh mise aon bhlas ort." Mharbhochadh Maorla le dorna amháin é. Tá Maorla curtha i dteampall Mhuigh Ros agus leac as a chionn. Níl duine a bith curta sa teampall seo ach clann Dhonnachadha.